Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2022
(OR. en)

11075/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0212(BUD)**

FIN 762
INST 269
PE-L 29

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023: Seasamh ón gComhairle |

## I. RÉAMHRÁ

Is ionann dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2023 **(DB 2023)** arna mholadh ag an gCoimisiún Eorpach[1] agus:

– EUR 185 591 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair **gealltanas**;[2];

– EUR 166 268 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **íocaíochtaí**[2].

I gcomparáid le buiséad 2022[3], is léiriú iad na méideanna sin ar mhéadú +2,05 % i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ar laghdú –2,54 % i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

[1] Áirítear sna méideanna sin leithreasuithe dá bhforáiltear d'ionstraimí speisialta lasmuigh den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).
[2] dá bhfuil coigeartuithe clárshonracha dar luach EUR 1657 milliún ag teacht ó Airteagal 5 de Rialachán CAI.
[3] Níor áiríodh dréachtbhuiséid leasaitheacha Uimh. 2/2022 agus 4/2022.

## II. AN CUR CHUIGE ARNA GHLACADH AG AN gCOISTE UM AN mBUISÉAD

Thíolaic an Coimisiún dréachtbhuiséad 2023 an 7 Meitheamh 2022. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad 2023 le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil 2022 ar bhonn na bprionsabal a bunaíodh sna conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023[4], go háirithe: buiséadú stuama réalaíoch, acmhainní leordhóthanacha chun tacú le tosaíochtaí atá leagtha síos go soiléir agus corrlaigh leordhóthanacha faoi na huasteorainneacha chun aghaidh a thabhairt ar imthosca gan choinne.

Bhí obair an Choiste um an mBuiséad casta toisc gur thíolaic an Coimisiún togra buiséid a d'fhág ar lár forálacha chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le fogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus leis an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus daonnúil a d'fhéadfadh a bheith aici, rud is measa fós mar gheall ar thosca eile, amhail boilsciú ard (agus forbairt ghaolmhar ar rátaí úis atá ag dul i méid). I bhfianaise na héiginnteachta sin, mheas an Coiste um an mBuiséad gur ghá na corrlaigh sa bhuiséad a mhéadú ar bhealach suntasach chun freastal ar sholúbthacht bhuiséadach leordhóthanach.

Sa chomhthéacs sin, rinne an Coiste um an mBuiséad anailís mhionsonraithe ar na <u>leithreasuithe faoi chomhair gealltanas</u> le haghaidh gach cláir agus gach gníomhaíochta de réir líne bhuiséid, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- corrlaigh leordhóthanacha chun na riachtanais airgeadais a chumhdach a bheidh le sonrú sna míonna atá le teacht agus a dtabharfar aghaidh uirthi leis an litir leasaitheach a bhfuiltear ag súil léi go luath san Fhómhar, go príomha maidir le géarchéim na hÚcráine;

- athchothromú agus cobhsú leibhéal leithreasuithe na gclár caiteachais atá faoi réir breisithe faoi Airteagal 5 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)[5] agus a thairbhíonn de leithreasuithe suntasacha breise ó NGEU/ioncam sannta;

- cur chun feidhme na gclár a ghéarú mar is iomchuí trí mhéaduithe iomarcacha a sheachaint i gcomparáid le 2022.

---

4 7218/22.

5 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

Ina theannta sin, agus ar an gcúis chéanna, beartaítear gan Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais a úsáid in 2023 ach an méid atá beartaithe a shiarchoinneáil go dtí an dara cuid de thréimhse CAI.

Léirítear toradh mheasúnú an Choiste um an mBuiséad sa togra chun na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a choigeartú síos EUR 1 641.4 milliún.

Maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, déantar an chuid is mó de na laghduithe ar línte a bhaineann le leithreasuithe neamhdhifreáilte agus a bhaineann leis na ciorruithe sna leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair gealltanas.

Léirítear toradh mheasúnú an Choiste um an mBuiséad sa togra chun na leithreasuithe íocaíochta a choigeartú síos EUR 530 milliún.

A mhéid a bhaineann le caiteachas riaracháin, meabhraítear gur gá Airteagal 2 de Rialachán CAI a chomhlíonadh go hiomlán agus uasteorainneacha bliantúla caiteachais CAI a urramú. Chuige sin, tá sé tábhachtach go ndéanfadh na hinstitiúidí, lena n-áirítear an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, an caiteachas a choinneáil laistigh de na teorainneacha sin, agus go gcomhlíonfaidís an sprioc maidir le soláthar foirne a chobhsú.

Ar an mbonn sin, rinne an Coiste um an mBuiséad na coigeartuithe is gá chun úsáid na hIonstraime Solúbthachta faoi cheannteideal 7 a sheachaint. Baineadh an méid sin amach trí chur chuige cothrománach a chur i bhfeidhm le méadú ar an ráta caighdeánach laghdaithe i ngach institiúid, seachas Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an gComhaontú Oinigh.

Tá Comhaontú Oinigh 1970 bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus níl feidhm aige ach amháin sa mhéid nach bhfuil an meastachán ar chaiteachas Pharlaimint na hEorpa ag teacht salach ar 'forálacha Comhphobail'. Meabhraítear gur iarr agus go bhfuair Parlaimint na hEorpa i mbuiséad an Aontais 2022 142 phost bhreise ar a plean bunaíochta, chomh maith le 180 ball foirne seachtracha.

I ndáil leis sin, cuirfear i bhfios go láidir, agus an comhthéacs ardbhoilscitheach ina gcuirtear urraim d'uasteorainn cheannteideal 7 in 2023 i mbaol, gur ar éigean atá an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa 52 phost a chur lena plean bunaíochta chomh maith le 116 bhall foirne seachtracha agus gan cur le hiarracht gach institiúide eile caiteachas riaracháin a laghdú i gcomhréir le hoibleagáidí Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 2 de Rialachán CAI agus le pointí 129 agus 130 de Chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 go dtí an 21 Iúil 2020 maidir le leibhéal cobhsaí foirne sna hinstitiúidí.

Thairis sin, leis an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, méadaítear conair éagsúil le himeacht na mblianta i speansais riaracháin Pharlaimint na hEorpa má chuirtear i gcomparáid iad le speansais na Comhairle agus na n-institiúidí eile. Mar gheall ar an éagsúlacht sin, tá baol ann go mbainfí an bonn de phrionsabal na cothromaíochta institiúidí, go háirithe i mbliain ina bhfuil gá le laghdú ar chaiteachas riaracháin na n-institiúidí uile chun forálacha buiséadacha an Aontais a urramú.

Táthar ag súil, dá bhrí sin, faoi chuimsiú na caibidlíochta atá le teacht chun buiséad bliantúil an Aontais 2023 a bhunú, go rachaidh Parlaimint na hEorpa i ngleic go cuiditheach leis na saincheisteanna sin d'fhonn an chothromaíocht institiúideach agus comhroinnt chóir an ualaigh a fhorchuirtear leis na cúinsí deacra atá ann faoi láthair a áirithiú, agus forálacha buiséadacha ábhartha an Aontais á n-urramú go hiomlán.

## III. <u>TORADH IMEACHTAÍ AN CHOISTE UM AN mBUISÉAD</u>[6],[7]

Ar bhonn an chur chuige thuas, agus tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh, d'éirigh leis an gCoiste um an mBuiséad teacht ar chomhaontú maidir leis na gnéithe uile a áirítear i **seasamh** reatha **na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad 2023**, cé is moite de dhréachtbhuiséad na Parlaiminte dá dtagraítear faoi roinn III.A.7 den doiciméad seo.

Is éard a bheadh[8] i **seasamh reatha na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad 2023**, ag an gcéim seo, ná:

– EUR 183 949.66 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **gealltanas**;

– EUR 165 738.29 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **íocaíochtaí**.

Comhfhreagraíonn méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dá bhforáiltear sa seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad 2023 do 1.01 % d'ollioncam náisiúnta (ONI) an Aontais[9].

I ndáil leis an méid sin, rinneadh na coigeartuithe seo a leanas ar dhréachtbhuiséad 2023:

### *A. <u>CAITEACHAS DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 2021-2027</u>*

#### 1. <u>An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha</u> (ceannteideal 1 de CAI)[10]

– leibhéal na <u>leithreasuithe faoi chomhair gealltanas</u> a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán -EUR 1 234.6 milliún sna leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 agus a leithdháiltear ar líon línte buiséid sonracha, lena n-áirítear caiteachas oibríochtúil agus tacaíochta, a bhaineann leis an méid seo:

- **01 - Taighde agus Nuálaíocht** (-EUR 783.2 milliún, dá mbaineann -EUR 663.2 milliún den mhéid sin le *Fís Eorpach* agus – EUR 120 milliún leis an *Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER))*,

---

6 Leagtar amach tábla achoimre ar thoradh na n-imeachtaí in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

7 Tá na torthaí mionsonraithe a bhaineann leis na réimsí beartais éagsúla in Iarscríbhinní 2 go 6 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

8 Áirítear sna méideanna sin leithreasuithe dá bhforáiltear d'ionstraimí speisialta lasmuigh de CAI.

9 Bunaithe ar réamhaisnéis mhí na Bealtaine 2022 ar ONI.

10 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

- **02 Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha** (-EUR 366.9 milliún, dá mbaineann -EUR 177.6 mhilliún den mhéid sin le *Ciste InvestEU*, –EUR 5 mhilliún le *SCE-Cúrsaí Digiteacha,* -EUR 180 milliún leis an g*Clár don Eoraip Dhigiteach*, -EUR 1.3 milliún le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)* agus an *Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC)*, agus -EUR 3 mhilliún le *Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún)*,

- **03. - An Margadh Aonair** (-EUR 4.3 milliún, dá mbaineann -EUR 1.5 milliún den mhéid sin le *Clár an Mhargaidh Aonair (lena n-áirítear FBManna)* agus -EUR 2.8 milliún le gníomhaireachtaí díláraithe, eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin)*,

- **04 – Spás** (-EUR 80.2 milliún le *Clár an Aontais um Nascacht Shlán*);

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena laghdaítear na leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 faoi mhéid iomlán de -EUR 378.15 milliún, mar thoradh ar choigeartuithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas maidir le líon línte buiséid sonracha, a bhaineann leis an méid seo:

  - **01 - Taighde agus Nuálaíocht** (-EUR 227.7 milliún, dá mbaineann -EUR 222.7 milliún den mhéid sin le *Fís Eorpach*, agus -EUR 5 mhilliún de leis an *Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER))*,

  - **02 Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha** (-EUR 137.3 milliún, dá mbaineann -EUR 35 mhilliún den mhéid sin le *Ciste InvestEU*, -EUR 100 milliún leis an *gClár don Eoraip Dhigiteach*, -EUR 1.3 milliún le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)* agus *an Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), agus –EUR 1 mhilliún le Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún),*

- **03. - An Margadh Aonair** (-EUR 2.95 milliún,
dá mbaineann -EUR 0.15 milliún den mhéid sin le *Clár an Mhargaidh Aonair (lena n-áirítear FBManna)* agus -EUR 2.8 milliún le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Reachtaíocht maidir le Ceimiceáin)*,

- **04 – Spás** (-EUR 10.2 milliún le *Clár an Aontais um Nascacht Shlán*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 1 394.03 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 1.

**2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna (ceannteideal 2 de CAI)**[11]

a) Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach (fotheideal 2a de CAI)

– glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, mar atá (EUR 62 922.98 milliún agus EUR 49 131.08 milliún, faoi seach) i ndréachtbhuiséad 2023, arna mholadh ag an gCoimisiún Eorpach;

– is é EUR 16.02 milliún **an corrlach a bheadh ar fáil** faoi fho-cheannteideal 2a, arna mholadh ag an gCoimisiún Eorpach.

b) Athléimneacht agus Luachanna (fo-cheannteideal 2b de CAI)

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a leagan síos, lena ndírítear ar laghdú iomlán -EUR 237.6 milliún sna leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 maidir le líon línte buiséid sonracha, lena n-áirítear caiteachas oibríochtúil agus tacaíochta, a bhaineann leis an méid seo:

  - **06 — Téarnamh agus Athléimneacht** (-EUR 197 milliún le haghaidh an *Chláir EU4Health*),

[11] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

- **07 - Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna** (-EUR 40.6 milliún, dá mbaineann -EUR 4 mhilliún den mhéid sin le *Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach (ESC);* -EUR 9.1 milliún le *Eoraip na Cruthaitheachta*, -EUR 0.8 milliún le *Ceartas*, -EUR 5.9 milliún le *Saoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna*, EUR 0.8 milliún le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)*, agus -EUR 20 milliún le *Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún)*;

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena laghdaítear na leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 faoi mhéid iomlán de -EUR 31.8 milliún, arna leithdháileadh ar líon línte buiséid sonracha, a bhaineann leis an méid seo:

- **06 — Téarnamh agus Athléimneacht** (-EUR 22 mhilliún le haghaidh an *Chláir EU4Health*),

- **07 - Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna** (-EUR 9.8 milliún, dá mbaineann -EUR 0.8 milliún den mhéid sin le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)*, agus -EUR 9 milliún le *Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún)*;

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 271.9 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 2b.

3. **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** (ceannteideal 3 de CAI)[12,13]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a leagan síos, lena ndírítear ar laghdú iomlán -EUR 45 mhilliún sna leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023, a bhaineann leis an méid seo:

- **09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** (-EUR 45 mhilliún le haghaidh an *Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE))*.

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena laghdaítear na leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 faoi mhéid iomlán de -EUR 6 mhilliún, a bhaineann leis an méid seo:

- **09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** (-EUR 6 mhilliún le haghaidh an *Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE))*.

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 117.44 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 3.

4. **Imirce agus Bainistiú Teorainneacha (ceannteideal 4 de CAI)**[14]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a leagan síos, lena ndírítear ar laghdú iomlán -EUR 50 milliún sna leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2022, a bhaineann leis an méid seo:

- **11 - Bainistiú Teorainneacha** (-EUR 50 milliún le haghaidh *gníomhaireachtaí díláraithe,* eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*);

---

[12] Déanfar scrúdú breise ar an togra i gcomhthéacs na litreach bliantúla leasaithí lena nuashonraítear na riachtanais agus na leithreasuithe measta le haghaidh caiteachas talmhaíochta, mar a leagtar amach sa ráiteas ón gComhairle maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtaifeadadh in Aguisín 1 REV 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

[13] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

[14] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena laghdaítear na leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 faoi mhéid iomlán de -EUR 50 milliún, a bhaineann leis an méid seo:

- **11 - Bainistiú Teorainneacha** (-EUR 50 milliún le haghaidh *gníomhaireachtaí díláraithe,* eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*);

– I gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 136.69 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 4.

**5. Slándáil agus Cosaint (ceannteideal 5 de CAI)**[15]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán -EUR 11.7 milliún sna leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023, a bhaineann leis an méid seo:

- **12 - Slándáil** (-EUR 11.7 milliún, dá mbaineann -EUR 9.2 milliún den mhéid sin leis an *gCiste Slándála Inmheánaí (ISF)*, -EUR 0.5 milliún le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon *an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA)*, agus -EUR 2 mhilliún le *Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena laghdaítear na leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2023 faoi mhéid iomlán de -EUR 1.5 milliún, mar thoradh ar laghduithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, maidir le:

- **12 - Slándáil** (-EUR 1.5 milliún, dá mbaineann -EUR 0.5 milliún den mhéid sin le *gníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA)*, agus -EUR 1 mhilliún le *Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún)*;

---

[15] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 56.59 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 5.

6. **An Chomharsanacht agus an Domhain (ceannteideal 6 de CAI)**[16]

– Glacadh le leibhéal na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí araon mar atá molta ag an gCoimisiún (EUR 16 781.88 milliún agus EUR 13 773.94 milliún, faoi seach);

– ní bheadh aon **chorrlach atá ar fáil** faoi cheannteideal 6, mar a mhol an Coimisiún Eorpach.

7. **An Riarachán Poiblí Eorpach** (ceannteideal 7 de CAI)[17,18]

a) **Roinn I – Parlaimint na hEorpa**

Moltar do **Pharlaimint na hEorpa** gan an togra ón gCoimisiún a mhodhnú agus foráil a dhéanamh do EUR 2 267.98 milliún.

b) **Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle**

Moltar suim fhoriomlán EUR 647.64 milliún i gcomhair na **Comhairle Eorpaí agus na Comhairle**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 6.70 milliún).

---

16 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

17 Leis na méideanna, eisiatar ranníocaíochtaí na n-institiúidí leis na Scoileanna Eorpacha (Cineál 2). Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2.

18 Féach an ráiteas maidir le cuid Pharlaimint na hEorpa féin den bhuiséad in Aguisín 1 REV 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

c) **<u>Roinn III – An Coimisiún Eorpach</u>**

Moltar suim fhoriomlán EUR 4 064.50 milliún i gcomhair **chaiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh** (lena n-áirítear OF, OLAF, EPSO, PMO, OIB agus OIL).

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach cheanncheathrúna agus thoscaireachtaí an Choimisiúin ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 36.80 milliún agus –EUR 1.60 milliún faoi seach).

Glactar leis an tsuim fhoriomlán de EUR 2 614.33 milliún do **Scoileanna Eorpacha agus Pinsin** mar atá sé i ndréachtbhuiséad 2023.

***Oifig na bhFoilseachán (OF)***

Moltar suim fhoriomlán EUR 120.22 milliún i gcomhair bhuiséad **OF**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach OF ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.99 milliún).

***An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)***

Moltar suim fhoriomlán EUR 27.96 milliún i gcomhair bhuiséad **EPSO**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach EPSO ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.17 milliún).

***An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO)***

Moltar suim fhoriomlán EUR 51.51 milliún i gcomhair bhuiséad **PMO**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach PMO ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.31 milliún).

*An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB)*

Moltar suim fhoriomlán EUR 90.5 milliún i gcomhair bhuiséad **OIB**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach OIB ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.88 milliún).

*An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg (OIL)*

Moltar suim fhoriomlán EUR 29.23 milliún i gcomhair bhuiséad **OIL**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach OIL ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.2 milliún).

*An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)*

Moltar suim fhoriomlán EUR 63.68 milliún i gcomhair bhuiséad **OLAF**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach OLAF ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.60 milliún).

**d) Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

Moltar suim fhoriomlán EUR 486.38 milliún i gcomhair bhuiséad **Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 4.86 milliún).

e) **Roinn V – Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

Moltar suim fhoriomlán EUR 174.91 milliún i gcomhair **Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 1.7 milliún).

f) **Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Moltar suim fhoriomlán EUR 158.56 milliún i gcomhair **Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 1.54 milliún).

g) **Roinn VII – Coiste Eorpach na Réigiún**

Moltar suim fhoriomlán EUR 116.1 milliún i gcomhair **Choiste Eorpach na Réigiún**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach Choiste Eorpach na Réigiún ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 1.2 milliún).

h) <u>**Roinn VIII – An tOmbudsman Eorpach**</u>

Moltar suim fhoriomlán EUR 12.93 milliún i gcomhair
**an Ombudsman Eorpaigh**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach an Ombudsman Eorpaigh ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.17 milliún).

i) <u>**Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**</u>

Moltar suim fhoriomlán EUR 21.99 milliún i gcomhair
**an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 0.18 milliún).

j) <u>**Roinn X – An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**</u>

Moltar suim fhoriomlán EUR 820.98 milliún i gcomhair
**na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí**.

I gcomhréir leis an gcur chuige cothrománach a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí, moltar lacáiste caighdeánach na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí ar an ráta comhréidh maidir le tuarastail a mhéadú 1.8 pointe céatadáin (-EUR 4.60 milliún).

is é <u>EUR 32.7 milliún</u> an <u>**corrlach a bheadh ar fáil**</u> faoi cheannteideal 7.

## *B.* *IONSTRAIMÍ SPEISIALTA*

Moltar na leithreasuithe a iontráladh i ndréachtbhuiséad 2023 i gcomhair an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a choinneáil. Maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta, ní ghlactar le húsáid EUR 62.5 milliún le haghaidh Cheannteideal 7.

## *C.* *IONCAM*

A mhéid a bhaineann le hioncam, moltar glacadh le dréachtbhuiséad 2023 tar éis na gcoigeartuithe teicniúla a eascraíonn as na hathruithe a rinneadh ar chaiteachas i seasamh na Comhairle.

## *D.* *GNÉITHE GINEARÁLTA EILE*

### 1. **Barúlacha maidir leis an mBuiséad**

Moltar na barúlacha maidir leis an mbuiséad atá i ndréachtbhuiséad 2023 a ailíniú leis na hathruithe a rinneadh ar chaiteachas i seasamh na Comhairle agus go háirithe ranníocaíochtaí an Aontais le maoiniú chomhlachtaí éagsúla an Aontais.

Moltar an tagairt don bhuiséad *Airteagal 30 02 02 — Leithreasuithe difreáilte* a mhodhnú leis an méid seo a leanas a chur san áireamh sa mhiondealú (c/a, p/a) freisin:

- *Airteagal 01 02 02 42 Braisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' - An Comhghnóthas um Shliseanna* (EUR 108 milliún in c/a agus EUR 60 milliún in p/a);
- *Airteagal 01 02 03 01 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach* (EUR 75 mhilliún in c/a agus EUR 45 mhilliún in p/a);
- *Airteagal 02 04 06 11 Leathsheoltóirí - An Comhghnóthas Um Shliseanna* (EUR 100 milliún in c/a agus EUR 50 milliún in p/a);
- *Airteagal 04 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh chlár an Aontais um Nascacht Shlán* (EUR 0.2 milliún in c/a agus p/a).

### 2. <u>Ainmníocht</u>

A mhéid a bhaineann le hainmníocht, moltar go nglacfaí le dréachtbhuiséad 2023.

### 3. <u>Bunúis dlí</u>

Tugtar aire ar leith d'fhorálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le bunúis dlí.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid seo a leanas:

  - toradh na n-imeachtaí mar a leagtar amach é i bpointe III thuas, lena n-áirítear an seasamh maidir le Ceannteideal 7, dá dtagraítear faoi roinn III.A.7 den doiciméad seo,

  - sainordú a thabhairt don Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle mar aon leis an meabhrán míniúcháin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE, agus an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a fhormheas chuige sin,
  - a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle na ráitis a thaifeadtar in Aguisín 1 REV 1 a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach ina miontuairiscí,

  - an seasamh ón gComhairle a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar a leagtar amach in 11076/22 é;

– a chinneadh d'aontoil, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn lena ghlacadh.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin Uasail,

Gheobhaidh tú, faoi chlúdach ar leith, seasamh na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, arna ghlacadh ag an gComhairle.

(Beannachtaí scoir)